


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na hInnealtóireachta agus na hAiltireachta UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair:** | **Oifigeach Teicniúil** |
| **Tréimhse an Phoist:** | Post téarma-bhunaithe go 31 Lúnasa 2027 |
| **Grád:** | Oifigeach Teicniúil |
| **Scála Tuarastail:** | €48,239 - €63,177 in aghaidh na bliana |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Scoile, agus/nó ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | **020045** |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Qiong Zhang |
| **Costais Athlonnaithe:** | Ní bhaineann |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** | Ní bhaineann |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh:** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre:** | Ní hea |

## Achoimre ar an bPost:

Is mian le Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD Oifigeach Teicniúil a earcú chun tacú lena gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, agus béim ar leith ar oibríochtaí saotharlainne agus oibre allamuigh. Mar aonad acadúil dinimiciúil atá dírithe ar thaighde, tá an Scoil tiomanta do chláir oideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá dhá ionad taighde sa Scoil: an tIonad um Thaighde ar Bhonneagar Criticiúil agus an tIonad um Thaighde ar Acmhainní Uisce. I measc na ngníomhaíochtaí teagaisc agus taighde ar fud na Scoile, tá ábhair thógála, meicnic, struchtúir, agus ceimic uisce/fuíolluisce, hiodrálaic, geoiteicnic, agus priontáil 3D.

Is cuid thábhachtach dár bpunanna taighde agus teagaisc araon saotharlanna na Scoile, agus beidh an té a cheapfar ina bhall den fhoireann theicniúil saotharlainne i Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta. Beidh orthu tascanna ginearálta, dualgais chothabhála laistigh de na saotharlanna, chomh maith le tacaíocht theicniúil (saotharlannbhunaithe agus allamuigh araon) a sholáthar. Cuirfidh siad tacaíocht ar fáil do ghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde fochéime agus iarchéime sa Scoil agus tacóidh siad freisin le hobair bhaill foirne agus taighdeoirí Iardhochtúireachta laistigh den Scoil. Beidh scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth ag an té a cheapfar, agus eitic oibre láidir.

Is iad croíluachanna na Scoile ná sármhaitheas sa taighde agus san oideachas araon, comhghleacaíocht, agus toilteanas chun páirt a ghlacadh sa saol ollscoile agus gairmiúil. Déanann Scoil na hInnealtóireachta Sibhialta UCD iarracht leanúnach a teagasc, a taighde agus a rannpháirtíocht shóisialta a chur chun cinn. Tacóidh an t-iarrthóir rathúil go gníomhach le cuspóirí straitéiseacha na Scoile agus cuirfidh sé feabhas suntasach ar thaithí fhoriomlán na mac léinn.

© UCD Human Resources